# DÁIL ÉIREANN

**CEADÚ BEARTAITHE AG DÁIL ÉIREANN I NDÁIL LEIS AN TOGRA MAIDIR LE MOLADH LE HAGHAIDH CINNEADH ÓN GCOMHAIRLE LENA N-ÚDARAÍTEAR TÚS A CHUR LE CAIBIDLÍOCHT LE HAGHAIDH COMHAONTÚ IDIR AN TAONTAS EORPACH AGUS AN ÍOSLAINN MAIDIR LE SONRAÍ AS AN TAIFEAD AINMNEACHA PAISINÉIRÍ A AISTRIÚ ÓN AONTAS CHUIG AN ÍOSLAINN.**

Rith Dáil Éireann an Rún seo istigh ag an gCruinniú de Dháil Éireann a bhí ann an 14ú lá seo d'Fheabhra, 2024.

**PROPOSED APPROVAL BY DÁIL ÉIREANN OF THE PROPOSAL FOR THE RECOMMENDATION FOR A COUNCIL DECISION AUTHORISING THE OPENING OF NEGOTIATIONS FOR AN AGREEMENT BETWEEN THE EUROPEAN UNION AND ICELAND ON THE TRANSFER OF PASSENGER NAME RECORD DATA FROM THE EU TO ICELAND.**

The within Resolution was passed by Dáil Éireann at its Meeting on this 14th day of February, 2024.

Seán Ó Fearghaíl

Cathaoirleach Dháil Éireann

Le cur go dtí:

For transmission to: *An Taoiseach*

Go gceadaíonn Dáil Éireann an Stát d'fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha faoi Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a bheith páirteach i nglacadh agus i bhfeidhmiú an bhirt bheartaithe seo a leanas:

> Togra maidir leis an Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn maidir le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí a aistriú ón Aontas chuig an Íoslainn ar mhaithe le cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh,

ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 12 Eanáir 2024.

That Dáil Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion under Protocol No. 21 on the position of the United Kingdom and Ireland in respect of the area of freedom, security and justice annexed to the Treaty on European Union and to the Treaty on the Functioning of the European Union, to take part in the adoption and application of the following proposed measure:

> Proposal for the Recommendation for a Council Decision authorising the opening of negotiations for an agreement between the European Union and Iceland on the transfer of Passenger Name Record data from the EU to Iceland for the prevention, detection, investigation and prosecution of terrorist offences and serious crime,

a copy of which was laid before Dáil Éireann on 12th January, 2024.